

CAIBIDIL 1

Bhí sé ina scéal mór ar an teilifís, ar an raidió, ar na meáin uile agus anois bhí muintir an bhaile féin ag caint air. Bhí siad tagtha inár measc. Agus bhí na sluaite acu ann. Bhí siad abhus. Abhus cén áit? Ar an talamh garbh, taobh thiar de Halla an Bhaile a bhí. Chuaigh an pobal ar fad á mbreathnú mar a bheadh seó bóthair ann. Bhí mise seal fada idir dhá chomhairle faoi dhul ann. Ar deireadh, áfach, chuaigh mise ag breathnú orthu mar aon le cách. Ba mhian liom an scéal a thuiscint i gceart. Ní ar an teilifís ná ar an raidió a bhí an fíorscéal le fáil. Chaithfeá an

fíorscéal a fheiceáil le do dhá shúil féin. Nó b'in é a d'insíodh na múinteoirí dúinn i gcónaí. Dé Sathairn a bhí ann, lá saor ón scoil. Agus mo thuismitheoirí imithe chun an ollmhargaidh le siopadóireacht na seachtaine a dhéanamh, thapaigh mé mo dheis. Fad is a bhí siad ar shiúl, d'fhéadfainn dul ann gan aon mhíniú a thabhairt dóibh, mar bhíodh siadsan freisin ag síorchaint faoi na daoine nua a bhí tagtha inár measc.

‘Cad a thug orthu teacht anseo? Nach bhfuil fadhbanna go leor dár gcuid féin againn!’ B'in an port a bhí ag mo Dhaid.

‘Ní féidir leo fanacht sa bhaile. Tá sé ina chogadh ina dtír féin,’ a mhínigh mo Mham dó.

‘Agus má tá? An mise a tharraing an cogadh sin orthu?’

‘Is cosúil gur mhaith leo Sasana a bhaint amach.’

‘Siúd leo go Sasana, más ea, an tuisce is féidir, nó seoladh na póilíní anseo abhaile iad. Níl aon áit ag na strainséirí sin inár measc! Na falsóirí agus na gadaithe!’

Ní raibh aon duine ann nach raibh rud éigin le rá aige faoin scéal, seachas mo Dhaideo agus mo dheartháir óg. Maidir liomsa, bhí mé náirithe.

Tar éis do na tuismitheoirí bailiú leo chun an ollmhargaidh, d’fhan mé ar feadh deich nóiméad ar a laghad lena chinntiú nach bhfillfidís ar thóir sparán dearmadta nó aon ní eile.

Nuair a tháinig mé amach ar an tsráid, ní raibh duine ná deoraí romham. Siúd liom i dtreo Halla an Bhaile.

Agus tú píosa ar shiúl uaidh, shílfeá go raibh sorcas tar éis lonnú ar an mbaile. Sorcas gan aon fhear grinn agus daoine i bpáirt na n-ainmhithe. Agus tú píosa ar

shiúl uaidh, d’fheicfeá na pubaill ildaite agus na héadaí á dtriomú. Agus tú buailte leis, d’fheicfeá daoine ag cur fúthu sa láib, taobh thiar de bhacainní, faoi shúile na bpóilíní. Páistí salacha ar a ndícheall ag iarraidh a bheith ag spraoi. Ach ní féidir súgradh i gceart i gcampa mar seo. Bhí sé róshalach, róghruama chuige sin. Seo liom ag siúl timpeall an champa, na bacainní á leanúint agam. Bhí an radharc céanna á nochtadh dom arís agus arís eile. Gach áit, nochtadh chugam saol príobháideach an phobail sin ar baineadh de a shaol príobháideach. Agus mé ag féachaint ar an radharc dearóil seo, ba mhinic a dhún mé mo shúile le náire. An ar mhaithe leis seo a rinne na daoine seo a dtithe a thréigean, an Mheánmhuir a thrasnú agus na céadta mílte constaicí a shárú – le bheith ag snámhaíl i láib seo na Fraince? Ba dheacair dom é a chreidiúint.

Bhí buachaill ag breathnú amach orm ó thairseach an phubaill ab áras cónaithe anois dó. É ar comhaois le mo dheartháirín féin, cheapfainn. Deich mbliana d'aois. Bhí dealramh aige leis ach go mba thanaí agus go mba shalaí é an buachaill seo. Bhí sé ag breathnú orm amhail is go raibh sé ag súil le rud éigin uaimse nó b'fhéidir gur ar mo shamhlaíochtsa a bhí sé sin. D'ísligh mé mo shúile féin le linn dó a bheith ag féachaint orm. Cad eile a d'fhéadfainn a dhéanamh? Faic.

Díreach taobh thiar de Halla an Bhaile a bhí an campa. Bhí cuma mhaorga ar an halla, é gléghlan spleodrach agus bratacha na Fraince agus na hEorpa ar foluain sa ghaoth.

Ag béal an champa, bhí saoránaigh na Fraince tar éis puball níos mó agus níos daingne a chur suas. Os a chomhair sin,

bhí fógra lámhscríofa ar crochadh a raibh an focal ‘Informations’ air. Ní raibh a fhios agam an i mBéarla nó i bhFraincis a bhí an fógra sin scríofa mar go bhfuil an focal céanna sa dá theanga. In éadaí glana, nua-aimseartha a bhí lucht an phubail mhóir gléasta. B’fhurasta a aithint gur Fhrancaigh iad. Isteach is amach leo, idir óg agus aosta, iad gafa gnóthach ag cá bhfios domsa cén obair. Ba gheall le seangáin shaothracha iad i mbéal a neide.

Isteach liom sa phuball mór. Clár ar thristéal a bhí mar dheasc acu istigh. Rinne an fear féasógach laistiar den ‘deasc’ meangadh gáire liom agus labhair sé cúpla focal liom i mBéarla. Shíl mé breith ar an mbun-Bhéarla a bhí agam ón seomra ranga. Bhí mé chomh corraithe sin, áfach, nár tháinig focal chugam.

‘An bhfuil Fraincis agat?’ a d’fhiafraigh mé de.

‘Tá, siúráilte,’ ar seisean agus aoibh air i gcónaí. ‘Cad is féidir liom a dhéanamh duit, a bheainín uasail?’

‘Meas tú an mbeadh aon chúnamh de dhíth oraibh? Bhí mé ag ceapadh go bhféadfainn cabhrú libh laethanta nach mbíonn ranganna agam.’

‘Ar fheabhas ar fad,’ arsa fear na féasóige. ‘Cad is ainm duit?’

‘Elsa.’

‘Cén aois thú?’

‘Ceithre bliana déag.’

D’imigh an aoibh d’aghaidh fhear na féasóige.

‘Sea mo léan, bhí eagla orm gur mar sin a bhí an scéal,’ ar seisean. ‘An deacracht atá ann ná go bhfuil tú faoi aois agus má theastaíonn uait obair anseo beidh cead tuismitheora de dhíth orainn.’

Agus é ag caint, shín fear na féasóige foirm chugam a bhí le líonadh amach agus

le síniú ag mo thuismitheoirí. Ghlac mé an fhoirm uaidh agus chas mé timpeall láithreach i dtreo is nach bhfeicfeadh sé go raibh na deora liom. Bhí a fhios agam i mo chroí nach síneodh mo thuismitheoirí an fhoirm sin go brách.

Ar an tslí amach as an bpuball dom, casadh bean rua ramhar orm.

‘Cén fáth na deora, a chailín?’ a d’fhiafraigh sí díom.

Mhínigh mé di de shnagaíl go raibh mé tar éis cabhair a thairiscint istigh ach go raibh diúltaithe dom mar nach raibh cead faighte agam ó mo thuismitheoirí.

‘Agus m’athair, tá aithne agam air, ba bheag an baol go síneodh seisean an fhoirm sin go brách!’

‘I dtigh an diabhail le cúrsaí riaracháin!’ arsa an bhean ramhar de bhéicín. ‘A leithéid de chacamas agus ocras ar dhaoine! Cén

fáth, in ainm Dé, a mbeadh cead speisialta uait chun anraith a chur i mbabhla?

Ba mhaith leat anraith a chur i mbabhla, nár mhaith?’ a dúirt sí ansin liomsa.

Agus rian na ndeor ar mo leicne i gcónaí, sméid mé mo cheann le tabhairt le fios di gur bhreá liom é sin ... gur bhreá liom cabhrú leo, gur bhreá liom aon ní a dhéanamh, aon ní faoin spéir.